Cuntas Leithreasa 2019

# Vóta 17

# An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 17, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019 ar thuarastail agus ar speansais na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2019, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí- i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas €621,000 dlite le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

### Ról an Bhoird

Bunaíodh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (SCP) faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004. Forálann sé do Phríomhfheidhmeannach na Seirbhíse, agus do bhord a cheapadh, ar a mbíonn ocht mball seachtrach mar aon leis an bPríomhfheidhmeannach ar bhonn ex officio.

I comparáid le feidhmeanna na mBord Stáit go traidisiúnta, baineann feidhmeanna reachtúla an bhoird níos mó le comhairle a thabhairt agus, go bunúsach, baineann siad le comhairle nó treoir a chur ar fáil don Phríomhfheidhmeannach. De ghnáth, bíonn na nithe seo a leanas san áireamh

- ionadaíocht a dhéanamh ar leas na seirbhíse poiblí agus a chinntiú go bhfuil na caighdeáin chuí seirbhíse ar fad á mbaint amach
- measúnú agus faomhadh a dhéanamh ar phleananna agus ar chuspóirí straitéiseacha a chuireann an Príomhfheidhmeannach chun cinn
- monatóireacht a dhéanamh agus comhairle a chur ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí maidir le comhlíonadh a cuid feidhmeanna
- a chinntiú go ndéantar nósanna imeachta athbhreithnithe cuí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i dtaca le comórtais earcaíochta agus ardaithe céime, agus aon chóid chleachtais ábhartha a eisíonn an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí a chur san áireamh
- tuarascáil bhliantúil na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a fhoilsiú.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaigeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a chur le chéile, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 27 den bhliain 2019 i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as Córas um Rialú Inmheánach Airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, glacaim leis an bhfreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach maidir le rialú inmheánach airgeadais á chothú agus á oibriú sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Cuirtear an fhreagracht seo i bhfeidhm faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil dom agus faoi réir na n-oibleagáidí eile atá orm mar Cheannasaí na hOifige. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach a dhearbhú go réasúnach, agus ní go daingean, go bhfuil na hacmhainní slán, go bhfuil cead tugtha maidir le hidirbhearta agus go ndéantar taifead orthu i gceart, agus go gcoisctear earráidí agus mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad go tráthúil. Déantar cothabháil ar bhonn leanúnach ar an gcóras um rialuithe inmheánacha airgeadais agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras sin agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mé ag brath ar litir dhearbhaithe ó oifigeach cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta umSheirbhísí Comhroinnte go gcuirtear na rialuithe cuí i bhfeidhm maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Tá mo chuid dualgas comhlíonta agam maidir le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte (m.sh. acmhainní daonna agus seirbhísí párolla) a sholáthar.

***Réimse rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil réimse rialaithe agus na nithe seo san áireamh i bhfeidhm.

- Tugadh freagrachtaí airgeadais amach ag leibhéal bainistíochta chomh maith le cuntasacht dá réir
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar tugadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus lena chinntiú go gcuirtear an gníomhú cuí i bhfeidhm lena cheartú
- Tá Coiste Iniúchóireachta i bhfeidhm chun comhairle a thabhairt dom agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i leith an chórais um rialú inmheánach airgeadais
- Tá taifeadadh déanta ar nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta in áit, lena n-áirítear dualgais a bheith deighilte agus córas tarmligin agus cuntasachta. Tá na gnéithe seo a leanas san áireamh.

- tá córas cuí buiséadaithe agus buiséad bliantúil ann agus déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú air
- déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéis
- tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
- tá córais i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil na córais TFC slán
- tá treoirlínte rialaithe cuí maidir le hinfheistíocht chaipitil i bhfeidhm chomh maith le córais fhoirmiúla do bhainistíocht tionscadal.

***Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair***

Cinntíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas sa cheannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar gach treoirlíne ábhartha. Bhí dhá chonradh ann a bhí gníomhach le linn 2019, a raibh luach €226,586 orthu a raibh sé riachtanach iad a nochtadh i dtuairisceán bliantúil 40/2 chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Bhain ceann de na conarthaí, le caiteachas €156,350, le bogearraí agus seirbhísí ceadúnúcháin nach bhfuil ach aon soláthraí amháin ann lena n-aghaidh.

Meastar gur conradh neamhiomaíoch neamh-chomhlíontach é aon chonradh amháin le luach €70,236. Baineann an conradh seo le seirbhísí glantóireachta. Bhí an próiseas tairisceana don chonradh seo ar feitheamh in 2017 agus 2018 ag brath ar chinneadh maidir le stádas áitreabh na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí. Cuireadh an conradh seo chun tairisceana in 2019 agus tá soláthraí nua ann anois.

***Iniúchadh inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ina bhfuil pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agamsa. Tá an obair bunaithe ar anailís a rinneadh ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí neamhchosanta orthu agus tá na pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, atá faofa agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm go gclúdóidh na pleananna seo na príomhrialuithe ar bhonn atrátha ar feadh tréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú go tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ngníomhaítear ar na tuairiscí ón bhfeidhm iniúchta inmheánaigh.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a aithníonn agus a thuairiscíonn rioscaí tábhachtacha agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leo, agus an oiread agus is féidir, na rioscaí sin a laghdú.

Tá clár riosca i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá roimh an Oifig agus déantar iad a aithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar an gclár agus ceartaíonn siad é gach ráithe. Úsáidtear torthaí na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéantar bainistíocht ar rioscaí ag leibhéal sásúil.

Léiríonn an clár riosca na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a laghdú chomh maith le freagracht a thabhairt do bhaill foirne ar leith maidir le rialuithe a stiúradh.

**Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach**

Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as iad a cheartú agus don Bhord Bainistíochta, más cuí agus in am. Deimhním gur aithníodh ríoscaí tábhachtachta agus rialuithe gaolmhara gur cuireadh próisis i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar napríomhrialuithe seo agus easnaimh ar bith a aithnítear a thuairisciú.

**Athbhreithniú ar éifeachtacht**

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm san an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí le súil a choinneáil ar éifeachtacht na nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus lucht ardbhainistíochta na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, atá freagrach as an gcreat um rialú inmheánach airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Ceisteanna faoi rialú inmheánach airgeadais***

Mhol iniúchadh inmheánach ar sholáthar go raibh roinnt feabhsúchán don fheidhm sholáthair sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ag teastáil. Dá bharr seo, d'fhaomh an Bord Bainistíochta plean soláthair trí bliana, rinneadh athbhreithniú agus uasdátú ar na polasaithe soláthair ar fad agus déantar gach conradh a thaifeadadh anois ar an gclár conarthaí, ar a ndéantar athbhreithniú go rialta.

Níor aithníodh aon laigí eile sa rialú inmheánach airgeadais i dtaca le 2019 ar gá iad a fhoilsliú sa chuntas leithreasa.

**Shirley Comerford**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

21 Meán Fómhair 2020

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur os comhair Thithe an Oireachtais

## Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam leis An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Meán Fómhair 2020

# Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

## Cuntas Leithreasa 2019

| | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Caiteachas | Caiteachas |
| | | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an Chláir** | | | | | |
| A | An Státseirbhís agus an tseirbhís phoiblí - ath-imlonnú/earcaíocht/roghnú | | | | |
| | *Bunaidh* | 15,033 | | | |
| | *Forlíontach* | 470 | | | |
| | | | 15,503 | 14,810 | 12,558 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 15,033 | | | |
| | *Forlíontach* | 470 | | | |
| | | | 15,503 | 14,810 | 12,558 |
| | *Lúide* | | | | |
| B | **Leithreasaí- i-gcabhair** | | **175** | **253** | **314** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 14,858 | | | |
| | *Forlíontach* | 470 | | | |
| | | | **15,328** | **14,557** | **12,244** |

**Farasbarr**

Ní mór an farasbarr a sholáthraítear thar an tsuim a cuireadh i bhfeidhm a thabhairt ar ais don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar gach cuid nó aon chuid de leithreasuithe neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena caitheamh sa bhliain ina diaidh. Tugadh € 150,000 de leithdháiltí nár caitheadh i leith eilimintí caipitil de threalamh v oifige fo-cheann agus seirbhísí TF seachtracha ar aghaidh go dtí 2020.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr | 770,605 | 1,174,763 |
| Géilleadh iarchurtha | (150,000) | — |
| **Farasbarr le géilleadh** | **620,605** | **1,174,763** |

**Shirley Comerford**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

21 Meán Fómhair 2020

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoi Chostais Oibriúcháin 2019

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Pá | | 8,171 | 7,161 |
| Neamhphá | | 6,639 | 5,397 |
| **Ollchaiteachas** | | 14,810 | 12,558 |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí- i-gcabhair** | | **253** | **314** |
| **Glanchaiteachas** | | **14,557** | **12,244** |
| **Athruithe ar shóchmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin in airgead tirim | (210) | | |
| Dímheas | 191 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 1 | (18) | 232 |
| **Athruithe ar ghlanshóchmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (38) | | |
| Méadú ar stoc | (5) | (43) | (77) |
| **Caiteachas díreach** | | **14,496** | **12,399** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 3,420 | 3,263 |
| **Glanchostas an chláir** | | **17,916** | **15,662** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara déanta as na suimeanna measta seo a leanas maidir le Vóta 17 a iompraíodh in áit eile.

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 45 | 45 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntas Scoir | 995 | 1,020 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 2,361 | 2,188 |
| Vote 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 19 | 10 |
| | | **3,420** | **3,263** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 483 | 465 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 580 | 337 |
| Stoic | | 26 | 21 |
| Réamhíocaíochtaí | | 234 | 254 |
| Ioncam fabhraithe | | 15 | 84 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.3 | 93 | 573 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 948 | 1,269 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 77 | 204 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.4 | 270 | 283 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.5 | 403 | 627 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 750 | 1,114 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 198 | 155 |
| **Glansócmhainní** | | **681** | **620** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas mhaoiniú an Stáit** | 2.6 | **681** | **620** |

## 2.1 Sócmhainní Caipitil

| | Fearas oifige agus TF | Troscán agus feistis | Feabhsú an léasachta | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2019 | 6,948 | 744 | 691 | 8,383 |
| Breiseanna | 191 | 19 | — | 210 |
| Diúscairtí | (2) | — | — | (2) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2019 | 7,137 | 763 | 691 | 8,591 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2019 | 6,592 | 635 | 691 | 7,918 |
| Dímheas don bhliain | 172 | 19 | — | 191 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (1) | — | — | (1) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2019 | 6,763 | 654 | 691 | 8,108 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2019** | **374** | **109** | **—** | **483** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2018** | 356 | 109 | — | 465 |

## 2.2 Banc agus Airgead Tirim

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid PMG | 526 | 328 |
| Iarmhéid i gcuntas banc tráchtála | 54 | 9 |
| | **580** | **337** |

## 2.3 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Fionraí tuarastail | 38 | 35 |
| Airleacain don OOP | — | 460 |
| Scéim in-fhorchúitithe do phasanna taistil | 51 | 77 |
| Míreanna eile iarmhéide dochair fionraí | 4 | 1 |
| | **93** | **573** |

## 2.4 Iarmhéideanna sochair eile

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 154 | 136 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 87 | 75 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 1 | 1 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 12 | 25 |
| Cáin bhreisluacha | 16 | 44 |
| | 270 | 281 |
| Iarmhéideanna sochair fionrái | — | 2 |
| | **270** | **283** |

## 2.5 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 621 | 1,175 |
| Géilleadh iarchurtha | 150 | — |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (368) | (548) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **403** | **627** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 580 | 337 |
| Iarmhéideanna dochair ar fionraí | 93 | 573 |
| | 673 | 910 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (270) | (281) |
| Iarmhéideanna sochair ar fionraí | — | (2) |
| | (270) | (283) |
| | **403** | **627** |

## 2.6 Cuntas Mhaoiniú an Stáit

| | Nóta | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 620 | 775 |
| Íocaíochtaí amach ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 15,328 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (150) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (621) | | |
| Vóta glan | | | 14,557 | 12,244 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 3,420 | 3,263 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (17,916) | (15,662) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **681** | **620** |

## 2.7 Ceangaltais

| **Ceangaltais dhomhanda**<br>ag 31 Nollaig | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 126 | 162 |
| **Iomlán na ngealltanas in-fhorghníomhaithe de réir dlí** | **126** | **162** |

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá clár amháin ag an Vóta seo maidir le hath-imlonnú, earcaíocht agus roghnú sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí. Is caiteachas riaracháin é an caiteachas ar fad faoin gclár seo.

| | | | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar Meastacháin** | | **Caiteachas** | **Caiteachas** |
| | | | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastal, pá agus liúntais | | | | | |
| | *Bunaidh* | 7,933 | | | | |
| | *Forlíontach* | 370 | | | | |
| | | | | 8,303 | 8,171 | 7,161 |
| ii | Taisteal agus cothú | | | 32 | 48 | 24 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | | 322 | 407 | 279 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | 107 | 87 | 102 |
| v | Treallamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,858 | | | | |
| | *Forlíontach* | (300) | | | | |
| | | | | 1,558 | 1,320 | 1,518 |
| vi | Costais áitribh oifige | | | 1,799 | 1,508 | 391 |
| vii | Costais earcaíochta - taighde agus rialachas corparáideach | | | 30 | 65 | 58 |
| viii | Costais earcaíochta - fógraíocht agus tástáil | | | | | |
| | *Bunaidh* | 977 | | | | |
| | *Forlíontach* | 400 | | 1,377 | 1,204 | 1,231 |
| ix | Costais earcaíochta - boird agallaimh | | | 1,975 | 2,000 | 1,794 |
| | | | | **15,503** | **14,810** | **12,558** |

### Difríochtaí suntasacha

Léiríonn an méid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha idir an caiteachas agus an meastachán bunaidh i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

**v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha**

*Soláthar meastacháin: €1.858 milliún, toradh: €1.32 milliún.*

Bhí an caiteachas níos lú ná a ceapadh go mbeadh sé mar gheall ar chúinsí ama maidir le haimsiú agus cur i bhfeidhm athchórais TF do chóras earcaíochta na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, *STAR*. Ina theannta sin, bhí moill ar phleananna leis an gcóras airgeadais a uasdhátú agus cuireadh sin siar go dtí 2020.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Míreanna ilghnéitheacha | 25 | 165 | 118 |
| 2 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair na seirbhíse poiblí [a] | 150 | 88 | 196 |
| | **Iomlán** | **175** | **253** | **314** |

Nóta [a] Tagraíonn figiúr 2018 d’asbhaintí a bhaineann le pinsean. Tháinig ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ina n-áit siúd ón 1 Eanáir 2019.

**Difríochtaí suntasacha**

Ina n-iomláine bhí Leithreasaí-i-gCabhair €78,000 níos mó ná an meastachán mar a tuaradh. Tá míniú faoi na difríochtaí leagtha amach thíos:

**1 Míreanna ilghnéitheacha**

*Soláthar meastacháin: €25,000, réadaithe: €165,000*

Tharla an méadú de €140,000 den chuid is mó trí aisíocaíochtaí ó chliaint d’íocaíochtaí a rinne an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ar a son in 2018, agus a tharla in 2019.

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus

### 5.1 Líon na bhFostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | 190 | 181 |

### 5.2 Pá

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Tuarastal | 7,251 | 6,446 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 123 | 53 |
| Ragobair | 116 | 97 |
| ÁSPC an Fhostóra | 681 | 565 |
| **Pá Iomlán** | **8,171** | **7,161** |

### 5.3 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

| | Líon faighteoirí | Líon daoine a fuair €10,000 nó níos mó | Íocaíocht is mó do dhuine amháin | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2019 | 2018 |
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 26 | 4 | 16,020 | 10,174 |
| Ragobair | 114 | 1 | 10,568 | 9,074 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 15 | 3 | 17,597 | 12,610 |

## 5.4 Socruithe luach saothair eile

Íocadh €35,055 i dtáillí le ceathrar ball de Bhord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí in 2019 (2018: €28,239).

| | | | Caiteachas bliantúil | |
|---|---|---|---|---|
| **Ball** | **Stádas** | **Earnáil** | **2019** | **2018** |
| | | | **€** | **€** |
| Iníon Shirley Comerford | Ball (Príomh-fheidhmeannach) | Státseirbhíseach | — | — |
| An tUasal Tom Moran | Cathaoirleach | Iar-Státseirbhíseach | 11,970 | 7,821 |
| An tUasal Barry Quinlan | Ball | Státseirbhíseach | — | — |
| An Dochtúir Eddie Molloy | Ball | Earnáil Phríobháideach | 7,695 | 7,695 |
| Iníon Ann Marie Taylor | Ball | Earnáil Phríobháideach | 7,695 | 7,695 |
| Iníon Mary Connaughton | Ball | Earnáil Phríobháideach | 7,695 | 5,028 |
| An tUasal John O' Callaghan | Ball | Státseirbhíseach | — | — |
| An tUasal David Cagney | Ball | Státseirbhíseach | — | — |
| Iníon Anne O Connor | Ball | Seirbhíseach poiblí | — | — |
| **Iomlán** | | | **35,055** | **28,239** |

## 5.5 Ró-íocaíochtaí Párolla

| ag 31 Nollaig | **Líon faighteoirí** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| Ró-íocaíochtaí | 2 | 1,184 | — |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 2 | 1,184 | — |